

Treoiríníte do scoláirí a úsáideann Leabharlanna dlrd

- Tá fáilte roimh scoláirí áiseanna Sheirbhís Leabharlainne dlrd a úsáid.
- Ní mór duit a bheith cláraithe mar bhall de Sheirbhís Leabharlainne dlrd agus do chárta leabharlainne a bheith ar iompar agat gach uair a thagann tú isteach.
- Tá líon sonraithe d'áiteanna staidéir i ngach brainse. Is iad na chéad scoláirí isteach a fhaigheann iad agus is sna háiteanna a bhíonn leagtha amach le haghaidh staidéir agus ansin amháin a bhíonn siad.
- Ní ceadmhach duit suí ar an urlár chun do chuid staidéir a dhéanamh – tá cúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta leis sin. Ní mór coinneáil amach as na spásanna idir na seilfeanna leabhar agus gan aon bhac a bheith sna bealaí isteach.
- Iarrtar ort aird a thabhairt ar fhoireann na leabharlainne agus a bheith tuisceanach i dtaobh úsáideoirí eile. Tá an custaiméir i dteideal an leibhéil is airde de sheirbhís don chustaiméir; ar an gcaoi chéanna ba chóir don chustaiméir an oiread céanna measa agus cúirtéise a thaispeáint do na baill foirne.
- Iarrtar ort na treoracha a thugann baill foirne na leabharlainne duit a chomhlíonadh agus gan bheith ag gabháil d'iompar a chuirfeadh isteach ar dhaoine eile.
- Caithfidh aon duine nó aon ghrúpa a bheidh ag tarraingt achrainn imeacht as an leabharlann ar feadh an chuid eile den lá nó ar feadh tréimhse níos faide.
- B'fhéidir go bhfiafrófaí d'ainm agus ainm do scoile/do choláiste.
- Is tusa a bheidh freagrach gach tráth as do mhaoín féin. Ní mór áiteanna staidéir a fholmhú nuair a dhúntar an leabharlann – is ar mhaithe le slándáil é seo.
- Féadfar fóin phóca a úsáid sa Leabharlann ach iad a bheith socraithe ionas nach gcloisfear iad.
- Ní cheadaítear bia a ithe ná deoch a ól (seachas uisce buidéalaithe) sa leabharlann.
- Ár mbuíochas leat as aird a thabhairt ar na Treoiríníte do Scoláirí a úsáideann Leabharlanna dlrd